


5 Trédhearcacht Fhioscach

- 5.1** Thug foireann ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) cuairt ar Éirinn i mí an Mhárta 2013, ar iarraidh ó Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais agus Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun measúnú a dhéanamh ar bhainistiú fioscach na hÉireann agus tuairisciú a dhéanamh os coinne na gcaighdeán atá leagtha síos sa leagan nua-athbhreithnithe de Chód Trédhearcachta Fioscaí CAI. Foilsíodh tuarascáil na Foirne Athbhreithnithe ar an 16 Iúil 2013.¹
- 5.2** Leag an Fhoireann Athbhreithnithe amach caighdeán i leith tuairisciú fioscach Stáit. Bhíothas ag súil leis go soláthrófaí sna tuarascálacha fioscacha achoimre chuimsitheach, thráthúil, iontaofa, inchoimparáide, inrochtana ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an rialtais. Tugadh ar aird sa mheasúnú ón bhFoireann Athbhreithnithe, i measc nithe eile, gurbh amhlaidh, tráth an tuairiscithe (2013):
- go raibh an tuairisciú fioscach in Éirinn réasúnta cuimsitheach, rialta agus iontaofa ach freisin go raibh sé réasúnta ilroinnte
 - cé gur soláthraíodh i réamhaisnéisí fioscacha na hÉireann forbhreathnú ar an ionchas fioscach a bhí iontaofa, mionsonraithe agus dírithe ar bheartas, d'fhéadfaí cuntas níos cuimsithí a sholáthar iontu ar ghníomhaíocht sheachbhuiséadach, ar athruithe idir réamhaisnéisí agus ar threochtaí san fhadtréimhse
 - go raibh rioscaí fioscacha réasúnta mór in Éirinn agus gur bhain éagsúlacht lena nochtadh agus a mbainistiú.
- Chomh maith leis sin, thug CAI ar aird gurb amhlaidh, ach an fhaisnéis a raibh fáil uirthi a thiomsú i sraith doiciméad achoimre fioscach, go mbeadh Éire ag cloí leis na caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta, go mbeadh sí ar thús cadhnaíochta maidir leis an gcleachtas trédhearcachta fioscaí, agus go mbeadh sí chun tosaigh ar cheanglais tuairiscithe an Aontais Eorpaigh.
- 5.3** Tugadh ar aird sa tuarascáil gurb amhlaidh, mar gheall ar ardleibhéal an nochta fhioscaigh in Éirinn cheana féin, go raibh scóip mhór ann chun cur leis an trédhearcacht fioscach gan ach faisnéis fioscach arb ann di cheana a thiomsú, agus, ach athchóiriú a dhéanamh i ndeich réimse, go mbeadh cleachtais na hÉireann maidir le tuairisciú fioscach i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta ar chostas réasúnta íseal. San áireamh sa tuarascáil bhí plean chun 35 beart molta a chur chun feidhme ar fud na réimsí sin thar an tréimhse 2013 go 2017.
- 5.4** Chuir an Rialtas an tuarascáil agus an plean gníomhaíochta faoi bhráid Grúpa Stiúrtha um Measúnú Trédhearcachta Fioscaí a bhí faoi chathaoirleacht na Roinne Airgeadais, lena gcur chun feidhme mar ba chuí. Thionóil an grúpa a chruinniú deireanach anonn sa bhliain 2015.
- 5.5** Tá nuashonrú tugtha ag Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar an dul chun cinn maidir le moltaí na tuarascála a chur chun feidhme. Tá freagraí ar gach ceann de na moltaí leagtha amach san iarscríbhinn.
- 5.6** Féadfar moltaí CAI a ghrúpáil le chéile faoi thrí cheannteideal leathana (féach Fíor 5.1). Is iad sin:

- tuairisciú airgeadais
- próiseas buiséid
- raon níos leithne sócmhainní agus dliteanas a aithint.

¹ *Fiscal Transparency Assessment – Ireland, An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, Iúil 2013.*

Fíor 5.1 Dul chun cinn maidir leis na moltaí ó mheasúnú CAI ar thrédharcacht fhioscach a chur chun feidhme — stádas i mí Iúil 2017



Foinse: Fiscal Transparency Assessment – Ireland, An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, Iúil 2013; nuashonrú ar dhul chun cinn ó na hOifigigh Chuntasaíochta sa Roinn Airgeadais agus sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Nóta: a Curtha chun feidhme Curtha chun feidhme go páirteach Níor cuireadh chun feidhme

5.7 Faoi lár na bliana 2017, bhí 25 (71%) de na moltaí curtha chun feidhme (43%) nó curtha chun feidhme go páirteach (28%). Dúirt na hOifigigh Chuntasaíochta go ndearnadh dul chun cinn nach beag maidir le moltaí a chur chun feidhme i ndáil leis an bpróiseas buiséid agus i ndáil le caighdeáin tuairiscithe staidrimh faoin gCóras Cuntas Eorpach 2010.

5.8 Thug na hOifigigh Chuntasaíochta ar aird gur léirigh na torthaí, na moltaí agus an plean gníomhaíochta atá leagtha amach i dTuarascáil CAI tuairimí agus comhairle neamhcheangailteach fhoireann mhisean CAI agus nach gá go léirítear leo tuairimí an Rialtais, ná gealltanais ón Rialtas. Ba í aidhm na tuarascála ná aird a dhíriú ar an dea-chleachtas agus réimsí feabhsaithe a aithint maidir le clúdach, cáilíocht agus comhsheasmhacht na gcleachtas tuairiscithe fhioscaigh in Éirinn.

5.9 Shonraigh na hOifigigh Chuntasaíochta gur tháinig oifigigh ó Roinn Gnóthaí Fioscacha CAI le chéile le hoifigigh i mBaile Átha Cliath i mí Iúil 2017 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhí déanta maidir le feabhas a chur ar chaighdeáin na trédharcachta fiosaí in Éirinn. Dúirt siad gur dhearbhaigh oifigigh CAI go raibh na moltaí a bhí sa mheastóireacht ceaptha mar threoir d'údaráis na hÉireann maidir le trédharcacht fhioscach a neartú agus dá bhrí sin nach raibh sé i gceist gur moltaí sainráiteacha iad, agus, ina theannta sin, thug siad le fios go bhfuil Éire i measc na dtíortha is fearr a n-éiríonn leo ar domhan i réimse na trédharcachta fiosaí.

Próiseas buiséid

5.10 Thuairiscigh na hOifigigh Chuntasaíochta go raibh dul chun cinn nach beag déanta maidir leis na moltaí a chur chun feidhme a bhaineann leis an bpróiseas buiséid.

- Cuirtear an buiséad faoi bhráid na Dála i mí Dheireadh Fómhair gach bliain anois.
- Maidir le réamh-mheastacháin fhioscacha fhadtéarmacha a fhoilsiú mar chuid de dhoiciméid an bhuiséid, thug siad ar aird gur thosaigh an Roinn Airgeadais ag foilsiú tuarascáil bhliantúil fiachais in 2017.¹ Ina theannta sin, áirítear sa nuashonrú ar an gclár cobhsaíochta, atá á fhoilsiú gach uile bhliain ag an Roinn Airgeadais ó 1997 i leith, sonraí maidir le hinbhuanaitheacht an airgeadais poiblí san fhadtréimhse de réir riachtanais an Aontais Eorpaigh.²
- Maidir le doiciméid a fhoilsiú a bhaineann le rioscaí fioscacha, tá maitrís mhaicreacnamaíoch um measúnú riosca san áireamh sa nuashonrú ar an gclár cobhsaíochta, mar aon le hanailís rioscaí agus íogaireachta ina n-áirítear rannán ar dhliteanas theagmhasacha; bhí anailís ar inbhuanaitheacht fiachais sa chéad tuarascáil ar fhiachas (2017).

1 Annual Report on Public Debt in Ireland, An Roinn Airgeadais, Meitheamh 2017.

2 Foilsithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1055/2005 ón gComhairle lena leasaítear Rialachán 1466-97, ina leagtar amach na rialacha a bhaineann le hábhar na gclár cobhsaíochta.

- Foilsítear doiciméad ar leithligh ina gcuimsítear toradh na n-athbhreithnithe ar chaiteachas cánach in éineacht le doiciméid an bhuiséid.

5.11 Dúirt na hOifigigh Chuntasaíochta nach féidir an moladh a chur chun feidhme ina iomláine maidir le doiciméid an bhuiséid bhliantúil a leathnú ionas go n-áireofaí iontu ollioncam agus ollchaiteachas earnáil chomhdhlúthaithe an rialtais. Thug siad ar aird nach leor an luach breise a bheadh le baint as ioncam agus caiteachas an rialtais áitiúil a leagan amach chun gur fiú nósanna imeachta i dtaobh buiséid na n-údarás áitiúil a athrú sa chaoi is gur ghá iad a ghlacadh roimh an mbuiséad i mí Dheireadh Fómhair.

Raon níos leithne sócmhainní agus dliteanas a aithint

5.12 Moladh sa tuarascáil de chuid CAI gur cheart réimse níos leithne sócmhainní agus dliteanas a aithint i gcláir chomhardaithe na gcomhlachtaí poiblí, agus gur cheart na sreafaí geilleagracha a ghabhann leo a chur san áireamh i ndoiciméid fhioscacha. Dúirt na hOifigigh Chuntasaíochta go raibh idir oll agus mhaith sa dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis na moltaí sin.

- Maidir le dliteanas phinsin fhabhráithe a aithint, chuir siad in iúl nach bhfuil an méid sin ina chuid den Chóras Cuntas Eorpach maidir le rialtas láir ach go léirítear é mar mhír mheabhráin sna Cuntais Airgeadais. Thug siad ar aird chomh maith go gceanglaítear ar an bpríomhoifig Staidrimh tuairisc bhliantúil a thabhairt don Aontas Eorpach maidir le holldliteanas pinsin fhabhráithe sheirbhísigh phoiblí na hÉireann, ag tosú leis an staid amháil ag deireadh 2015. Ní mór an figiúr sin a thuairisciú in 2017.
- Mhol CAI gur cheart sócmhainní agus dliteanas a bhaineann le comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí (CPPanna) a aithint i gcláir chomhardaithe freisin. Shonraigh na hOifigigh Chuntasaíochta go gcloínn Éire le rialacha Eurostat sa réimse sin agus go ndéantar CPPanna a aicmiú mar shócmhainní de chuid an pháirtí phríobháidigh. Thug siad ar aird go mbíonn sreabhadh bliantúil infheistíochtaí rialtais faoi CPPanna san áireamh sna réamh-mheastacháin fhioscacha, sna buiséid agus sna cuntais.
- Níor cuireadh chun feidhme roinnt moltaí maidir le haithint agus luacháil sócmhainní neamhairgeadais de chuid ranna rialtais láir. Déanfar é sin a scrúdú i gcomhthéacs aistriú féideartha chuig cuntasáíocht ar bhonn fhabhráithe.
- Níor cuireadh chun feidhme moladh chun aithint a dhéanamh ar athruithe ar luach sócmhainní, dliteanas agus dliteanas teagmhasach de chuid na hearnála poiblí.
- Cuireadh chun feidhme go páirteach moladh gur chóir don Roinn Airgeadais nó do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar straitéis an Rialtais maidir lena phunann sócmhainní agus dliteanas a bhainistiú, nuair a d'fhoilsigh an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewEra) faisnéis faoi scairsheilbh an Stáit i roinnt corparáidí.

Tuairisciú airgeadais

5.13 Ba é an tuairisciú airgeadais an réimse inar tuairiscíodh an dul chun cinn ba lú maidir le moltaí CAI a chur chun feidhme. As 13 mholadh, dúirt na hOifigigh Chuntasaíochta go ndearnadh ceithre cinn a chur chun feidhme go hiomlán agus gur cuireadh dhá cheann chun feidhme go páirteach. Dúirt siad go bhfuil tosca seachtracha agus reachtúla éagsúla ina mbonn leis sin.

5.14 Tugann Aonad Cuntasaíochta an Rialtais sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe comhairle faoi bheartais a bhaineann le tuairisciú airgeadais agus leagann sé síos na rialacha agus na nósanna imeachta cuntasaíochta do ranna agus oifigí Rialtais a bhfuil Vóta acu. Mar sin féin, tugadh ar aird sa tuarascáil de chuid CAI nach raibh aon aonad buan ná aon oifigeach i riarachán na hÉireann a bhí freagrach as caighdeán tuairiscithe airgeadais a leagan síos agus a fhorfheidhmiú ar fud na hearnála poiblí.

- 5.15** Tugadh ar aird sa tuarascáil freisin nach raibh aon sraith aonfhoirmeach rialacha agus nósanna imeachta cuntasáíochta i bhfeidhm i leith ranna rialtais, cistí seachbhuiséadacha, comhlachtaí leathstáit, rialtais áitiúla agus corparáidí poiblí. Rinneadh ceithre mholadh sa tuarascáil i ndáil leis an réimse sin, agus níor cuireadh aon cheann díobh chun feidhme go dtí seo.
- 5.16** Mhol CAI go mbunófaí aonad buan tuairiscithe airgeadais de chuid an rialtais faoi cheannas príomhoifigeach airgeadais gairmiúil. Tá sé sonraithe ag na hOifigigh Chuntasaíochta go ndéanfar breithniú ar an moladh sin, agus ar mholadh i dtaobh caighdeán ghairmiúla a bhunú agus a chothabháil do ghairm chuntasaíochta an rialtais, mar chuid de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse.

Caighdeán tuairiscithe airgeadais

- 5.17** Baineann an-tábhacht le caighdeán oibiachtúla i leith tuairisciú airgeadais maidir le cuntasacht na n-eintiteas san earnáil phoiblí toisc go leagtar síos iontu na ceanglais maidir lena gcuid ráiteas airgeadais a ullmhú. Trí mheán próiseas láidir, oibiachtúil agus trédhearcach maidir le socrú caighdeán, arna leagan síos más féidir é ag dream neamhspleách a bhíonn ag obair sa réimse sin, tugtar dearbhú dóibh siúd a bhaineann leas as faisnéis airgeadais maidir le hiontaofacht na ráiteas airgeadais ar a mbíonn siad ag brath chun cinntí tábhachtacha geilleagracha a dhéanamh, nó chun eintitis phoiblí a choimeád cuntasach.
- 5.18** Maidir le moltaí i ndáil le caighdeán tuairiscithe airgeadais a leagan síos ar bhonn caighdeán idirnáisiúnta do gach eintiteas san earnáil phoiblí, agus chun a n-úsáid a fhorfheidhmiú agus tuarascálacha airgeadais a n-ullmhú, thug na hOifigigh Chuntasaíochta ar aird nár cuireadh chun cinn ceachtar de na moltaí fós, agus go mbeidh athruithe beartais agus athruithe reachtaíochta de dhíth ionas gur féidir iad a chur chun feidhme.
- 5.19** Is ar bhonn airgid a ullmhaítear na Cuntais Airgeadais. Ullmhaíonn formhór na gcomhlachtaí poiblí eile ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe. Ullmhaíonn ranna de chuid an rialtais láir, agus na Boird Oideachais agus Oiliúna, a gcuid cuntas bliantúil ar bhonn airgid agus é modhnaithe. Mhol CAI gur cheart do gach comhlacht san earnáil phoiblí a ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn fabhráithe. Níor cuireadh chun feidhme an moladh sin.
- 5.20** Shonraigh na hOifigigh Chuntasaíochta go mbítear i gcomhairle go leanúnach le comhaltaí de chomhghrúpa stiúrtha de chuid na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhthéacs fhreastal na hÉireann ar chruinnithe Eurostat maidir le forbairt fhéideartha ar Chaighdeán Chuntasaíochta na hEorpa i leith na hEarnála Poiblí. I mí an Mheithimh 2016, bhuail an grúpa stiúrtha le hoifigigh ó Chisteán na Ríochta Aontaithe chun foghlaim ón taithí a bhí acu siúd ar athrú ó chuntasaíocht ar bhonn airgid go cuntasáíocht ar bhonn fabhráithe. Déanfar measúnú ar an athrú chuig cuntasáíocht ar bhonn fabhráithe i gcomhair tuairisciú airgeadais ag ranna agus oifigí an rialtais láir i gcomhthéacs na hoibre faoin thionscadal na Seirbhísí Comhroinnte um Bainistíocht Airgeadais (SCBA) agus fhorbairtí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh maidir le cur chun feidhme na gcaighdeán cuntasáíochta comhchuibhithe amach anseo.¹

Comhdhlúthú na gCuntas Airgeadais agus na gCuntas Leithreasa

- 5.21** Níor cuireadh chun feidhme moladh i dtaobh na Cuntais Airgeadais agus na Cuntais Leithreasa a chomhdhlúthú. Shonraigh na hOifigigh Chuntasaíochta go mbeidh reachtaíocht de dhíth chun bonn reachtúil a chur faoi ráiteas airgeadais comhdhlúite don rialtas láir. Go dtí go gcuirfear i gcrích an tionscadal SCBA agus an breithniú ar an ngá atá le reachtaíocht, déanfar measúnú ar an scóip maidir le ráiteas airgeadais comhdhlúite airgeadais a ullmhú don rialtas láir.

¹ Tá sé d'aidhm le tionscadal na Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais (SCBA) córas bainistíochta airgeadais amháin a chur in ionad 31 córas bainistíochta agus tuairiscithe airgeadais rialtais atá ann cheana.

Dlús a chur le hullmhú agus cur i láthair cuntas

- 5.22** Moladh sa tuarascáil de chuid CAI gur chóir dlús a chur le hullmhú agus cur i láthair cuntas.
- 5.23** Thug na hOifigigh Chuntasaíochta ar aird go bhfuil tiomsú na gCuntas Airgeadais tugtha ar aghaidh agus gurb amhlaidh anois go gcuirtear na cuntais faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchta roimh dheireadh mhí an Mhárta. Cuireadh i gcrích an t-iniúchadh ar an gcuntas do 2016 i mí an Mheithimh 2017 agus cuireadh an cuntas faoi bhráid Dháil Éireann ar an 26 Iúil 2017.
- 5.24** Is é an ceanglas reachtúil atá ann gur chóir na cuntais leithreasa iniúchta a chur faoi bhráid Dháil Éireann tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair sa bhliain tar éis na bliana cuntais.¹ Ní mór na cuntais uile a chur i láthair le chéile, in éineacht le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le haon nithe a eascraíonn ón iniúchadh. Mhol CAI go dtabharfaí ar aghaidh foilsiú na gcuntas go dtí mí an Mheithimh. Thug na hOifigigh Chuntasaíochta ar aird nár mhór an reachtaíocht a leasú chun an moladh sin a chur chun feidhme.

Aicmiú na ndoiciméad fioscach

- 5.25** Thug CAI ar aird nárbh fhéidir leas a bhaint as na cairteacha cuntas atá in úsáid chun sonraí fioscacha a choimre a ghiniúint de réir na gcaighdeán tuairiscithe idirnáisiúnta agus gur chuir sé sin bac ar ullmhú tuarascálacha fioscacha níos cuimsithí agus ar mhonatóireacht fíor-ama a dhéanamh ar fheidhmíocht fhioscach na hÉireann i gcoinne rialacha fioscacha. Rinneadh trí phríomh-mholadh sa tuarascáil sa réimse sin.
- 5.26** Nuair a thug CAI faoina thuarascáil (2013), bhí ráiteas Státchiste á fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais ar bhonn míosúil, inar léiríodh sreafaí isteach sa Lárchiste agus amach as. Mhol CAI go ndéanfaidh an Roinn Airgeadais atheagrú ar ráiteas míosúil an Státchiste ionas gurbh fhearr a bheadh an t-aicmiú ann ag teacht leis an gCóras Cuntas Eorpach agus le lámhleabhar staidrimh airgeadais an rialtais.
- 5.27** I mí Eanáir 2017, thosaigh an Roinn Airgeadais ag foilsiú monatóir faireacháin míosúil, ina gcuimsítear an ráiteas Státchiste, agus ina soláthraítear faisnéis bhreise. Níl an fhaisnéis á cur i láthair de réir na n-aicmithe a mhol CAI. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta don Roinn Airgeadais go bhfuil moladh CAI maidir leis an Ráiteas Státchiste curtha chun feidhme de réir mar is cuí. Ní mheasann an Roinn go raibh sé i gceist — ná go bhfuil sé indéanta — formáid nua a chur in ionad an Ráitis Státchiste atá ann cheana.
- 5.28** Maidir le moltaí chun aicmiú clár a fhorbairt a d'fhéadfaí a mhapáil le hearnálacha aonair, agus chun cairt chomhdhlúite cuntas a ullmhú chun éascú d'uathbhailiú agus comhdhlúthú sonraí fioscacha mionsonraithe don rialtas láir, don rialtas ginearálta agus don earnáil phoiblí, thug na hOifigigh Chuntasaíochta ar aird go bhfuil foireann an tionscadail SCBA ag tabhairt aghaidh orthu sin araon.

Staitisticí fioscacha

- 5.29** Cuireadh dhá mholadh chun feidhme maidir le staitisticí fioscacha a fhoilsiú don earnáil phoiblí chomhdhlúite agus dá fo-earnálacha.

¹ An tAcht um an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Iarscríbhinn 5A Measúnacht CAI ar Thrédhearcacht Fhioscach — nuashonrúchán stádas

Saincheist: I gcás 126 eintiteas rialtais láir ag a bhfuil glanchaiteachas €6.8 billiún (4.3 faoin gcéad den OTI), tá siad eisiata faoi láthair ó bhuiséad agus cuntais an rialtais láir. Tá 297 eintiteas eile ann a raibh glanchaiteachas ar a laghad €16.8 billiún acu (11.7 faoin gcéad den OTI) agus a mheastar atá lasmuigh de raon feidhme staitisticí fioscacha an rialtais ghinearálta.

Moladh 1: Ba cheart don rialtas raon feidhme na mbuiséad, na staitisticí fioscacha, agus na ráiteas airgeadais a leathnú ionas go gclúdófar institiúidí breise leo.

Bearta	Stádas	Tuairimí ó Oifigigh Chuntasáíochta na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
1a Leathnú a dhéanamh ar réimse clúdaigh na ndoiciméad bliantúil buiséid ionas go gcuirfí i láthair iontu ollioncam agus ollchaiteachas an rialtais láir chomhdhlúite.		Is é an rialtas láir, atá comhdhlúite den chuid is mó toisc nach ann d'aon earnáil stáit ná earnáil slándála sóisialta, a chuimsíonn an chuid is mó den ollioncam agus den ollchaiteachas (os cionn 90%) sa rialtas ginearálta. Tá dualgas ar údaráis áitiúla, faoin dlí, buiséid a ghlacadh ar leor iad i gcomhair an chaiteachais a thabhfófar i mbliain. Cuirtear san áireamh go hiomlán sna doiciméid buiséid an tionchar atá ag buiséid na n-údarás áitiúil ar iarmhéid náisiúnta an Rialtais Ghinearálta. Ní mór do gach údarás áitiúil féachaint chuige go bhfuil buiséad comhardaithe aige chun formheas a fháil ón Aire ábhartha. Tá saincheist uainithe ann sa chás go nglacfar buiséid an rialtais áitiúil tráth níos déanaí ná buiséad an rialtais láir, a cheanglaítear a chur faoi bhráid an Oireachtais faoin 15 Deireadh Fómhair gach bliain. Ní féidir an moladh seo a chur chun feidhme ina iomláine. Leathnaíodh an nuashonrú ar an gclár cobhsaíochta agus na doiciméid Bhuiséid ionas go n-áirítear leo táblaí ina léirítear iarmhéid an rialtais láir agus an rialtais áitiúil.
1b Na Cuntais Airgeadais agus na Cuntais Leithreasa a chomhlánú i ráiteas airgeadais comhdhlúite rialtais láir.		Agus an moladh á fhreagairt, thug an Roinn Airgeadais faoi bheart láimhe chun dréachtraiteas airgeadais comhdhlúite rialtais láir a ghiniúint. Cuireadh toradh an bhirt sin in iúl d'fhoireann an tionscadail um Sheirbhís Chomhroinnte Bainistíochta Airgeadais (SCBA) chun samhail chomhdhlúite a ionchorprú sa chóras bainistíochta airgeadais. D'éascódh an méid sin do chur chun feidhme iomlán an mholta i gcomhthéacs an tionscadail SCBA. Beidh reachtaíocht de dhíth chun bonn reachtúil a chur faoi ráiteas airgeadais comhdhlúite don rialtas láir. Idir an dá linn, go dtí go gcuirfear i gcrích an tionscadal SCBA agus an breithniú ar an ngá atá le reachtaíocht, déanfar measúnú ar an scóip maidir le ráiteas airgeadais comhdhlúite a ullmhú go bliantúil i leith an rialtais láir ar bhonn na hoibre atá déanta ag an Roinn Airgeadais.
1c Forléargas a thabhairt ar ollioncam agus ollchaiteachas an rialtais láir, an rialtais áitiúil agus an rialtais ghinearálta sna doiciméid buiséid agus i staitisticí fioscacha na bliana.		Faoi láthair soláthraítear staitisticí airgeadais na bliana i leith an rialtais láir, an rialtais áitiúil agus an rialtais ghinearálta. Mar gheall ar chomhchruinniú an rialtais láir, ní leor an luach breise a bheadh le baint as ioncam agus caiteachas an rialtais áitiúil a leagan amach chun gur fiú nósanna imeachta i dtaobh buiséid na n-údarás áitiúil a athrú sa chaoi is gur ghá iad a ghlacadh roimh an mbuiséad i mí Dheireadh Fómhair. Léirítear éifeacht iomlán an iarmhéid de chuid earnáil na n-údarás áitiúil sa phríomh-iarmhéid. Foilsítear staitisticí airgeadais bliantúla an rialtais i mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair gach bliain, ag breathnú siar ar an mbliain roimhe sin, agus bíonn faisnéis iontu faoi ioncam agus caiteachas an rialtais ghinearálta.
1d Staitisticí fioscacha a ullmhú don earnáil phoiblí chomhdhlúite agus a fo-earnálacha.		Foilsíonn an Roinn Airgeadais staitisticí i leith na hearnála poiblí chomhdhlúite agus a fo-earnálacha mí amháin tar éis dheireadh gach mí ar bhonn carnach (ioncam agus caiteachas míosúil i leith na bhfo-earnálacha go léir den rialtas ginearálta).

Saincheist: Faoi láthair ní áirítear i sonraí comhdhlúite na gclár comhardaithe rialtais de chuid na hÉireann an tsuim €116.8 billiún (73.5 faoin gcéad den OTI) atá luaite leis na sócmhainní seasta atá ag an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, an tsuim €116 billiún (73.0 faoin gcéad den OTI) atá luaite leis na dliteanais a bhaineann le pinsin na seirbhíse poiblí, an tsuim €4.0 billiún (2.5 faoin gcéad den OTI) atá luaite leis na dliteanais faoi Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPPanna), agus an tsuim €324.7 billiún (204.3 faoin gcéad den OTI) atá luaite le sócmhainní agus dliteanais atá i seilbh corparáidí poiblí.

Moladh 2: Raon níos leithne sócmhainní agus dliteanas a aithint sna cláir chomhardaithe.

Bearta	Stádas	Tuairimí ó Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
2a Athluacháil a dhéanamh ar dhliteanais phinsin fhabhráithe na seirbhíseach poiblí agus iad a aithint.		Faoi Rialachán (AE) 549/2013 ón Aontas Eorpach, ceanglaítear ar an bPríomh-Oifig Staidrimh tuairisciú a dhéanamh ar olldliteanais phinsin fhabhráithe na seirbhíse poiblí de chuid sheirbhísigh poiblí na hÉireann mar chuid de na Cuntais Náisiúnta. Is éigeantach é an tuairisciú sin, ag tosú leis an staid amháil ag deireadh na bliana 2015. Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag tabhairt faoin mbeart sin faoi láthair thar ceann na Príomh-Oifige Staidrimh agus is beart é a leanann ó cheann roimhe seo chun figiúr dliteanais fhabhráithe a chinneadh i leith na gCuntais Náisiúnta do 2012. Ní mór an figiúr sin a thuairisciú in 2017.
2b Sócmhainní agus dliteanais rialtais a bhaineann le CPPanna a aithint.		Tá Éire ag cloí le rialacha Eurostat maidir le haicmiú Rialtais Ghinearálta ar CPPanna, faoinarb amhlaidh nach ndéantar CPPanna a thaifeadadh ar chlár comhardaithe an Rialtais, ach go n-aicmítear iad mar shócmhainní de chuid an chomhpháirtí phríobháidigh. Mar sin féin, ó 2013 i leith, rinneadh tuairisciú airgeadais feabhsaithe maidir le CPPanna ar an láithreán gréasáin atá ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i leith CPPanna. Tá sonraí ar fáil go poiblí anois i leith gach tionscadail CPP de chuid an rialtais láir atá i bhfeidhm faoi láthair nó atá tugtha chun críche i dtaobh na gné airgeadais de, agus áirítear leo faisnéis maidir le luach caipitil CPPanna; luach na n-íocaíochtaí aonadacha a íodadh go dtí seo agus an bhliain ina ndéanfar an íocaíocht aonadach deiridh; meastachán ar dhliteanais amach anseo; agus aicme an tionscadail agus an dáta ar ar tháinig an tionscadal i bhfeidhm. Ina theannta sin, foilsíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh mionsonraí faoi CPPanna go leathbhliantúil mar chuid de staitisticí airgeadais an rialtais.
2c Athluacháil a dhéanamh ar shócmhainní neamhairgeadais de chuid ranna rialtais láir agus iad a aithint.		Taispeántar ar an gclár comhardaithe de chuid chuntais leithreasa ranna agus oifigí an rialtais láir sócmhainní agus dliteanais na roinne/na hoifige ag deireadh na bliana. I nótaí míniúcháin a ghabhann leis na cuntais leithreasa, tugtar sonraí maidir le sócmhainní caipitiúla agus na sócmhainní caipitiúla atá á bhforbairt. I gcás sócmhainní oidhreachtar ar féidir iad a luacháil, áirítear iad sa ráiteas ar shócmhainní caipitiúla sna cuntais leithreasa. I gcás na dtailte agus na bhfoirgneamh atá faoi úinéireacht an Stáit agus atá faoi rialú nó á mbainistiú ag an roinn/oifig ach nach bhfuil luachálacha ann ina leith, áirítear liosta díobh in aguisín a ghabhann leis na cuntais leithreasa. Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i gcomhairle leis an Roinn Airgeadais, ag féachaint faoi láthair an bhféadfaí aistriú go dtí cuntasáocht ar bhonn fabhráithe maidir le ranna agus oifigí rialtais láir. Cuirfear chun cinn an t-athrú chuig cuntasáocht ar bhonn fabhráithe i gcás ranna agus oifigí rialtais láir i gcomhthéacs forbairtí sa tionscadal SCBA agus ag teacht le forbairtí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh maidir le cur chun feidhme na gcaighdeán cuntasáochta comhchuibhithe amach anseo.
2d Clár comhardaithe airgeadais iomlán a ullmhú i leith na hearnála poiblí agus a fo-earnálacha.		Ní ullmhaítear clár comhardaithe comhdhlúite i leith na hearnála poiblí agus a fo-earnálacha. Ar bhonn náisiúnta agus mar chuid de na táblaí faoin Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach (NIEI), ullmhaíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh táblaí staitistiúla lena gclúdaítear idirbhearta ioncaim, caiteachais, airgeadais agus cláir comhardaithe i leith na hearnála poiblí agus a fo-earnálacha.

Saincheist: Ach sócmhainní agus dliteanas a aithint i gcláir chomhardaithe féadfar na sreafaí a bhaineann leo, atá suntasacha ón ngné fhioscach de, a aithint i dtuarascálacha fioscacha achoimre. I láthair na huairé, d'fhéadfadh 1 faoin gcéad den OTI in aghaidh na bliana a bheith i gceist leis na costais sin nach n-aithnítear

Moladh 3: Na sreafaí geilleagracha comhfhreagracha a ionchorprú i ndoiciméid fhioscacha.

Bearta	Stádas	Tuairimí ó Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
3a Athruithe ar dhliteanas phinsin fhabhráithe na hearnála poiblí a léiriú i ndoiciméid bhuiséid, staitisticí agus cuntais.		Níl dliteanas measta pinsin an rialtais (an dliteanas fhabhráithe i leith pinsin ghairme na seirbhíse poiblí) ina chuid de chuntais an rialtais ghinearálta a thagann faoin gCóras Cuntas Eorpach. Taispeántar é in eisiúint staitisticí airgeadais an rialtais mar mhír mheabhráin. Le linn 2017, déanfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh tuairisciú ar an dliteanas amhail ag deireadh na bliana 2015.
3b Faisnéis maidir le sreabhadh bliantúil infheistíochtaí agus íocaíochtaí rialtais faoi CPPanna a ionchorprú i réamh-mheastacháin fhioscacha, buiséid agus cuntais.		Rinneadh gach íocaíocht aonadach CPP a aicmiú mar chaiteachas caipitiúil chun críocha bainistíochta buiséid agus déantar soláthar maidir le ceangaltas na mblianta amach romhainn sna clúdaigh chaipitil de chuid ranna agus sa Phlean Caipitil. Foilsítear na ceangaltas iomlána CPP ar láithreán gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Déanann na ranna bainistiú ar na híocaíochtaí CPP agus coinníonn siad cuntas orthu ina gcuid leithdháiltí vótáilte agus déantar iad a iniúchadh mar chuid den phróiseas bliantúil um chuntais leithreasa.
3c Leas a bhaint as figiúirí dímhéasa sainiúla a bhaineann le roinn ar leith i staitisticí achoimre agus i gcuntais.		Mar chuid den Chóras Cuntas Eorpach 2010 agus de na táblaí NIEI, déanann an Phríomh-Oifig Staidrimh sonraí a tharchur chuig Eurostat lena gcomhlíontar na ceanglais reachtúla go léir i dtaobh staitisticí.
3d Athruithe ar luachálacha shócmhainní, dliteanas agus dliteanas theagmhasacha na hearnála poiblí a aithint i ndoiciméid fhioscacha.		Áiríonn ranna agus oifigí an rialtais láir faisnéis maidir lena gcuid sócmhainní seasta agus dliteanas teagmhasach sna nótaí a ghabhann lena gcuntais leithreasa bhliantúla. Taispeántar dliteanas pinsin measta an rialtais i staitisticí airgeadais an rialtais mar mhír mheabhráin. Sna nótaí a chuimseofar mar fhreagra ar mholadh 2a, tabharfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh meastachán, in 2017, ar dhliteanas pinsin na seirbhíse poiblí amhail ag deireadh na bliana 2015.
3e Meastachán níos cuimsithí a sholáthar ar ioncam atá ligthe thar ceal ó gach caiteachas cánach.		Tá tuarascáil ar leithligh ar chaiteachas cánach á foilsiú in éineacht le doiciméid an Bhuiséid ó mhí Dheireadh Fómhair 2015 ar aghaidh, lena n-áirítear torthaí na n-athbhreithnithe ar chaiteachas cánach.

Saincheist: Ní féidir leas a bhaint as na cairteacha cuntais i gcomhair ranna rialtais láir, cistí seachbhuiséadacha agus gníomhaireachtaí neamh-mhargaidh eile, rialtais áitiúla agus corparáidí poiblí chun sonraí fíoscacha a choimre a uathghiniúint i gcomhréir le caighdeáin tuairiscithe idirnáisiúnta. Fágann sé sin go bhfuil bac mór ar ullmhú tuarascálacha fíoscacha atá níos cuimsithí, níos mionsonraithe agus níos inchomparáide. Cuireann sé bac freisin ar mhonatóireacht fíor-ama ar fheidhmíocht fhioscach na hÉireann os coinne a rialacha fíoscacha náisiúnta agus rialacha fíoscacha an Aontais Eorpaigh atá sainithe i dtéarmaí an rialtais ghinearálta.

Moladh 4: An t-aicmiú ar doiciméid fhíoscacha a athrú ionas go mbeidh sé i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta.

Bearta	Stádas	Tuairimí ó Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
4a Atheagrú a dhéanamh ar ráiteas míosúil an Stáitchiste chun ollioncam agus ollchaiteachas a chur i láthair agus idirdhealú a dhéanamh idir idirbhearta neamhairgeadais agus idirbhearta airgeadais.		Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta don Roinn Airgeadais go bhfuil moladh CAI maidir leis an Ráiteas Stáitchiste curtha chun feidhme ag teacht le cinneadh an Rialtais ar chur chun feidhme na moltaí, i.e. de réir mar is cuí. Ní mheasann an Roinn go raibh sé i gceist — ná go bhfuil sé indéanta — formáid nua a chur in ionad an Ráitis Stáitchiste atá ann cheana. Foilsíonn an Roinn Airgeadais monatóir fíoscach míosúil ag deireadh gach mí agus cuireann sí an fhaisnéis sin i láthair i bhformáid táblaí (féach Aguisín II den Mhonatóir Fíoscach a fhoilsíonn an Roinn). Cuimsítear sa Mhonatóir Fíoscach sreafaí seachStáitchiste (Lárchiste), go háirithe an Ciste Árachais Shóisialta agus Leithreasáí i gCabhair na Vótaí. Déantar idirdheighilt ann idir na hidirbhearta a dhéanann dífeall don rialtas ginearálta agus iadsan nach ndéanann. Ina theannta sin, ullmhaíonn agus foilsíonn an Roinn sonraí fíoscacha airgid i leith an rialtais ghinearálta de réir na Treorach maidir le Creataí Buiséadacha – go míosúil i leith an rialtais láir agus go ráithiúil i leith fho-earnáil an rialtais áitiúil, roimh dheireadh na ráithe dar gcionn. Measann an Roinn gur cuí í an fhaisnéis a ullmhaíonn sí ag féachaint don chomhthéacs dlí sa tír seo agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.
4b Aicmiú uileghabhálach ar na cláir a ullmhú ar féidir é a mhapáil le táscairí aschuir/tionchair aonair agus leis na hearnálacha atá cumhdaithe san Aicmiú ar Fheidhmeanna an Rialtais (de chuid na Náisiún Aontaithe).		Tabharfaidh foireann tionscadail SCBA aghaidh ar an moladh sin ag baint úsáid as a huirlis faisnéise gnó leis an gcóras bainistíochta airgeadais nua.
4c Cairt cuntas chomhchuibhithe a ullmhú don rialtas ginearálta uile agus, ar deireadh thiar, d'eintitis na hearnála poiblí.		Tá cairteacha cuntais comhchoiteanna le haghaidh ranna agus oifigí an rialtais láir á n-ullmhú faoi láthair ag foireann tionscadail SCBA mar chuid d'aistriú na ranna rialtais agus comhlachtaí áirithe san earnáil poiblí chuig an gcóras SCBA nua.

Saincheist: *Is amhlaidh faoi láthair nach bhfoilsítear cuntais iniúchta an rialtais luath go leor chun bonn eolais a chur faoi ullmhú an bhuiséid bhliantúil. Ní chuirtear na meastacháin bhuiséid bhliantúla isteach sách luath chun gur féidir leis an bparlaimint iad a phlé agus a fhorghnóthú thosach na bliana lena mbaineann siad.*

Moladh 5: *Dlús a chur le hullmhú, cur i láthair agus ceadú an bhuiséid bhliantúil agus na gcuntas bliantúil i gcomhréir leis na pleananna reatha.*

Bearta	Stádas	Tuairimí ó Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
5a A cheangal ar an rialtas an buiséad bliantúil a chur faoi bhráid na parlaiminte i mí Dheireadh Fómhair.		Cuirtear an buiséad faoi bhráid na Dála i mí Dheireadh Fómhair gach bliain faoi láthair.
5b A cheangal ar an bparlaimint an buiséad bliantúil a fhorghnóthú i mí na Nollag.		Tugann an Bille Airgeadais éifeacht dlí do na hathruithe cánach a fógraíodh sa Bhuiséad. Má dhéantar athrú ar bith ar leas sóisialach agus ar phinsin, tugtar isteach Bille Leasa Shóisialaigh agus Pinsean freisin. Déantar an dá Bhille sin a achtú i mí na Nollag gach bliain de réir na n-oibleagáidí faoin Seimeastar Eorpach.
5c A cheangal ar an rialtas a chuid cuntas bliantúil a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi mhí an Mhárta nó faoi dháta comhaontaithe níos luaithe.		Tá tiomsú na gCuntas Airgeadais tugtha ar aghaidh. Cuirtear na Cuntais Airgeadais faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh roimh dheireadh mhí an Mhárta gach bliain. Ní mór do na hOifigigh Chuntasaíochta an cuntas leithreasa i leith gach Vóta atá faoina rialú a bheith ullmhaithe agus ní mór dóibh an cuntas a shíniú agus a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste roimh an 1 Aibreán sa bhliain tar éis na bliana lena mbaineann sé.
5d A cheangal ar an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste na cuntais iniúchta a chur faoi bhráid na parlaiminte faoi mhí an Mheithimh.		Faoin bhforáil reachtach atá i bhfeidhm faoi láthair faoin Acht um an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, ceanglaítear ar an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste cuntais leithreasa iniúchta, mar aon leis an tuarascáil uaidh maidir le haon nithe a eascraíonn as an iniúchadh, a chur faoi bhráid Dháil Éireann tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair gach bliain. Níor mhór an reachtaíocht a leasú chun an moladh sin a chur chun feidhme ar bhonn reachtúil.

Saincheist: Beidh dianbheartas fioscach ar feadh tréimhse fhada de dhíth chun ollfhiachas rialtais ghinearálta na hÉireann a laghdú ó 121 faoin gcéad den OTI go dtí 60 faoin gcéad den OTI, an sprioc atá leagtha síos. Ina theannta sin, beidh brú déimeagrafach níos mó agus níos mó ar Éirinn, agus tugtar le fios sa mheastachán comhchuibhithe Eorpach go n-ardóidh an caiteachas a bhaineann le haois de 7.4 faoin gcéad den OTI faoi 2050. Ní chlúdaítear ach an tréimhse go dtí 2015 i réamh-mheastacháin fhioscacha na hÉireann, áfach – níl an tréimhse sin fada go leor lena léiriú (i) conas a bhfuil sé i gceist ag Éirinn a sprioc fiachais a bhaint amach, agus cén uair, ná (ii) tionchar na dtreochtaí déimeagrafacha agus na dtreochtaí fadtéarmacha eile.

Moladh 6: Réamh-mheastacháin fhioscacha fhadtéarmacha a fhoilsiú go rialta mar chuid de dhoiciméid bhliantúil an bhuiséid.

Bearta	Stádas	Tuairimí ó Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
6a Leagan an rialtais féin d'anailís inbhuanaitheachta fiachais a fhoilsiú, ina léireofaí idirghníomhú na rialacha fioscacha nua agus a chlúdódh tréimhse 10-20 bliain romhainn.		D'fhoilsigh an Roinn Airgeadais tuarascáil bhliantúil fiachais ina léirítear go mbeidh rialachán fiachais an Aontais Eorpaigh á chomhlíonadh go dtí 2025 agus ina bhfuil anailís inbhuanaitheachta fiachais faoi raon cásanna macraifhioscacha go dtí 2025. Tugtar breac-chuntas freisin ar raon athróg breise a ndéanann an Roinn monatóireacht orthu ó thaobh inbhuanaitheacht fiachais.
6b Cur leis an tsamhail inmheánach um réamh-mheastachán fioscach fadtéarmach agus na réamh-mheastacháin uaithi a fhoilsiú gach 2-3 bliana ar a laghad.		I gCaibidil 6 den nuashonrú ar an gclár cobhsaíochta, foilsítear sonraí ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí, de réir cheangaltais an Aontais Eorpaigh.

Saincheist: Bíonn athbhreithnithe móra déanta ar réamhaisnéisí fioscacha meántéarmacha na hÉireann ó bhuiséad amháin go dtí an chéad cheann eile. Ar bhonn beartas nach bhfuil athraithe, idir an nuashonrú ar an gclár cobhsaíochta agus Buiséad na bliana 2013, rinneadh laghdú €800m ar an réamhaisnéis i dtaobh ioncam cánach agus rinneadh méadú €2.2 billiún ar an réamhaisnéis i dtaobh an ghlanchaiteachais. Bhí gá le hathruithe suntasacha beartais chun cloí le spriocanna an chláir. Cé go soláthraítear i dTuarascáil Chaiteachais na bliana 2013 miondealú mionsonraithe ar na hathruithe ar uasteorainneacha caiteachais na ranna ón mbuiséad roimhe sin, is deacair a thuiscint cén glantionchar a imreofar ar an réamhaisnéis fhioscach de bharr (i) athruithe ar an timpeallacht mhaicreacnamaíoch, (ii) athruithe ar bheartais ioncaim agus caiteachais, agus (iii) athruithe teicniúla nó athruithe cuntasáíochta eile.

Moladh 7: Réiteach níos cuimsithí a sholáthar idir na hathruithe ar phríomh-mhéideanna comhlána fioscacha idir réamhaisnéis fhioscach amháin agus an ceann a thagann ina diaidh.

Bearta	Stádas	Tuairimí ó Oifig Chuntasáíochta na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
7 Réiteach níos cuimsithí a sholáthar idir na hathruithe ar phríomh-mhéideanna comhlána fioscacha idir réamhaisnéis fhioscach amháin agus an ceann a thagann ina diaidh.		Tá tábla comparáide tugtha isteach. Mar shampla, i nuashonrú na bliana 2017 ar an gclár cobhsaíochta, Tábla A2.3, déantar comparáid idir na sonraí sa nuashonrú agus na sonraí tráth an Bhuiséid. Áirítear sa tábla sin aicmiú ar na hathruithe agus nótaí míniúcháin.

Saincheist: Foilsíonn an rialtas faisnéis ar réimse leathan rioscaí fíoscacha, ach laghdaítear luach na faisnéise toisc go mbíonn sí scaipthe i measc a lán doiciméad arna bhfoilsíú ag a lán gníomhaireachtaí. Thairis sin, ní ó na haireachtaí atá freagrach as bainistíocht fhioscach — an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe — a thagann cuid mhór den fhaisnéis a thuairiscítear — is ó dhaoine nó eagraíochtaí seachtracha a thagann sí, amhail an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Comhairle Chomhairleach Fhioscach na hÉireann, agus an Banc Ceannais.

Leis na feabhsuithe ar an tuairisciú fíoscach a pléadh thuas, dhéanfaí tiomsú ar a lán faisnéise a bhaineann le measúnú riosca in dhá thuarascáil. D'fhágfadh na staitisticí fíoscacha i leith na hearnála poiblí go mbeadh amharc grinn againn ar na rioscaí a bhaineann le corparáidí poiblí. Ach ráitis airgeadais agus nótaí don rialtas láir comhdhlúite a fhoilsíú, ghinfí faisnéis chomhtháite maidir le sócmhainní agus dlíteanais an rialtais agus nótaí maidir leis na rioscaí a ghabhann leo, i measc eile.

Glacfaidh na feabhsuithe sin am, áfach, agus ní leor iad chun an fhaisnéis ábhartha go léir maidir le rioscaí fíoscacha a thiomsú in aon áit amháin.

Moladh 8 agus Moladh 9: D'fhéadfadh dhá thuarascáil nua a bheith ina gcúnamh maidir leis an mbearna a líonadh: ráiteas cuimsitheach ar rioscaí fíoscacha agus tuarascáil ar bhainistiú phunann sócmhainní agus dlíteanas an rialtais.

Bearta	Stádas	Tuairimí ó Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Ba cheart don Roinn Airgeadais ráiteas bliantúil cuimsitheach ar rioscaí fíoscacha a fhoilsíú mar chuid de na doiciméid bhuiséid, ina gcuimseofaí rannáin ar an méid seo a leanas:		
8a Anailís mhaicreacnamaíoch ar riosca.		Féach an Mhairtís um Measúnú Rioscaí Maicreacnamaíoch sa nuashonrú ar an gclár cobhsaíochta/sa Bhuiséad.
8b Rioscaí sonracha ioncain nach léirítear san anailís mhaicreacnamaíoch (Ráiteas Fíoscach Meántéarmach).		Féach an Mhairtís um Measúnú Rioscaí Fíoscacha i ndoiciméid Bhuiséid agus sa nuashonrú ar an gclár cobhsaíochta.
8c Dlíteanais theagmhasacha, lena n-áirítear ráthaíochtaí, árachas, caipiteal inghlaoite, slánaíochtaí, dlíthíocht, etc.		I gCaibidil 4 den nuashonrú ar an gclár cobhsaíochta, foilsítear Anailís Riosca agus Íogaireachta lena n-áirítear rannán ar dhlíteanais theagmhasacha. Tugtar naisc chuig na Cuntais Airgeadais agus chuig foilseacháin ar leithligh ina bhfuil tuilleadh sonraí ar chaipiteal inghlaoite.
8d Rioscaí a bhaineann leis an earnáil airgeadais chomh maith leis na cinn a bhaineann le ráthaíochtaí follasacha.		Féach ar an rannán maidir le cora san earnáil airgeadais sa Mhairtís um Measúnú Rioscaí Fíoscacha sa nuashonrú ar an gclár cobhsaíochta agus sna doiciméid Bhuiséid.

Bearta	Stádas	Tuairimí ó Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
8e Rioscaí a bhaineann le luachanna na sócmhainní agus na dliteanas agus na sreafaí airgid a bhaineann leo, lena n-áirítear fiachas, díorthaigh, sócmhainní airgeadais, pinsin, soláthairtí agus CPPanna.		Áirítear faisnéis maidir le rioscaí féideartha i Rannán na Rioscaí sa nuashonrú ar an gclár cobhsaíochta nuair is cuí.
9 Ba cheart don Roinn Airgeadais nó do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar straitéis an rialtais maidir le bainistiú a phunann sócmhainní agus dliteanas, lena n-áirítear fiachas, an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean, agus scaireanna i gcorparáidí airgeadais agus corparáidí neamhairgeadais.		Bunaíodh an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh chun bainistiú a dhéanamh ar scaireanna i gcorparáidí airgeadais agus corparáidí neamhairgeadais. Ullmhaíonn sé tuairiscí agus staitisticí rialta ar na sócmhainní agus na dliteanas sna corparáidí sin.

Saincheist: *Níl aon aonad buan ná aon oifigeach i riarachán na hÉireann atá freagrach as caighdeán tuairiscithe airgeadais a leagan síos agus a fhorfheidhmiú ar fud na hearnála poiblí. Níl aon sraith aonfhoirmeach rialacha agus nósanna imeachta cuntasaíochta i bhfeidhm i leith ranna rialtais, cistí seachbhuiséadacha, comhlachtaí leathstáit, rialtais áitiúla agus corparáidí poiblí. Fágann sé sin gur costasach an rud é comhdhlúthú a dhéanamh ar thaisnéis airgeadais ar fud an rialtais agus feabhsúcháin ar fud an chórais a chur chun cinn sna cleachtais tuairiscithe airgeadais, agus go nglacann an obair sin a lán ama.*

Moladh 10: *Aonad buan um thuairisciú airgeadais rialtais a bhunú sa Roinn Airgeadais nó sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.*

Bearta	Stádas	Tuairimí ó Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
10 Aonad buan um thuairisciú airgeadais rialtais a bhunú sa Roinn Airgeadais nó sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi cheannas Príomh-Oifigeach Airgeadais nó Stiúrthóir Cuntasaíochta Rialtais — Ba cheart an Príomh-Oifigeach Airgeadais nó an Stiúrthóir Cuntasaíochta Rialtais a bheith cáilithe go cuí agus cuid mhór taithí a bheith aige nó aici maidir le cuntasaíocht, tuairisciú airgeadais agus réimsí ábhartha eile. Ba cheart go mbeadh grúpa beag gairmithe airgeadais ag tacú leis nó léi agus go mbeadh freagracht air nó uirthi as an méid seo a leanas:		Is aonad buan um thuairisciú airgeadais rialtais é Aonad Cuntasaíochta an Rialtais sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tá cuntasóir gairmiúil ar an bhfoireann aige. Tugann an t-aonad comhairle ar bheartas maidir le cuntasaíocht agus tuairisciú airgeadais agus tá sé freagrach as na rialacha agus na nósanna imeachta cuntasaíochta arna leagan síos ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ní mór na rialacha agus na nósanna imeachta cuntasaíochta sin a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na Ranna Rialtais agus na nOifigí go léir a bhfuil Vóta acu. Féachfar ar aonad lár ar leithligh um thuairisciú airgeadais rialtais a bhunú sa Roinn Airgeadais nó sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi cheannas Príomh-Oifigeach Airgeadais nó Stiúrthóir Cuntasaíochta Rialtais mar chuid de Bheart 14 de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse inar gealladh neartú a dhéanamh ar an saineolas gairmiúil i bpríomhfheidhmeanna lena n-áirítear Bainistíocht Airgeadais.
10a Caighdeán tuairiscithe airgeadais a leagan síos i leith gach eintitis san earnáil phoiblí, bunaithe ar chaighdeán chuntasaíochta agus staidrimh idirnáisiúnta agus cinn Eorpacha.		Caighdeán Staidrimh Mar chuid den Chóras Cuntas Eorpach 2010 agus de na táblaí NIEI, déanann an Phríomh-Oifig Staidrimh sonraí a tharchur chuig Eurostat lena gcomhlíontar na ceanglais reachtúla i dtaobh staitisticí. Déanann Eurostat measúnú ar na tacair sonraí sin mar chuid den phróiseas fóraithe NIEI agus de na Fardail Ollioncaim Náisiúnta i dtaobh sochreidteachta, stuamacht na modheolaíochta agus cruinnis. Téann an Phríomh-Oifig Staidrimh i gcomhairle, ar bhonn leanúnach, leis an earnáil phoiblí, le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí Stáit lena chinntiú go gcuirfear ar fáil go tráthúil, cruinn na sonraí a theastaíonn chun na tuairisceáin staitistiúla sin a chur i gcrích. Caighdeán Idirnáisiúnta Chuntasaíochta Is é an cuntasaíocht ar bhonn fabhraithe an cur chuige a ghlactar den chuid is mó i bhformhór na hearnála poiblí seachas an rialtas láir, agus na Boird Oideachais agus Oiliúna. Ullmhaíonn formhór chomhlachtaí na hearnála poiblí a gcuid ráiteas airgeadais de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Is ar bhonn airgid a dhéantar an tuairisciú airgeadais i leith ranna agus oifigí an rialtais láir agus déantar roinnt faisnéise breise ar bhonn fabhraithe a chur ar fáil mar nótaí a ghabhann leis na cuntais leithreasa, lena n-áirítear clár comhardaithe agus ráiteas costais oibriúcháin. Maidir le caighdeán Eorpacha chuntasaíochta, cuirfear chun cinn an t-athrú go dtí cuntasaíocht ar bhonn fabhraithe i gcomhair tuairisciú airgeadais i gcás ranna agus oifigí rialtais láir i gcomhthéacs na hoibre faoin tionscadal SCBA agus ag teacht le forbairtí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh maidir le cur chun feidhme na gcaighdeán cuntasaíochta comhchuibhithe amach anseo. Beidh gá le hathruithe beartais agus athruithe reachtaíochta chun an moladh seo a chur chun feidhme.

Bearta	Stádas	Tuairimí ó Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
10b Forfheidhmiú na gcaighdeán sin agus tuarascálacha airgeadais i rith na bliana agus ag deireadh na bliana á n-ullmhú ag comhlachtaí na hearnála poiblí.		Níor cuireadh an moladh seo chun cinn fós. Beidh gá le hathruithe beartais agus athruithe reachtaíochta chun é a chur chun feidhme.
10c Ullmhú na Ráiteas Airgeadais comhdhlúite i leith an Rialtais Láir agus a dtarchur chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.		Níor cuireadh an moladh seo chun cinn fós. Beidh gá le hathruithe beartais agus athruithe reachtaíochta chun é a chur chun feidhme.
10d Comhoibriú leis an bPríomh-Oifig Staidrimh, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Banc Ceannais na hÉireann agus eintitis phoiblí eile maidir le hullmhú staitisticí fíoscacha i leith an rialtais ghinearálta agus na hearnála poiblí.		Is aonad buan um thuairisciú airgeadais rialtais é Aonad Cuntasaíochta an Rialtais sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tá cuntasóir gairmiúil ar an bhfoireann aige. Tugann an t-aonad comhairle ar bheartas maidir le cuntasaíocht agus tuairisciú airgeadais agus tá sé freagrach as na rialacha agus na nósanna imeachta cuntasaíochta arna leagann síos ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ní mór na rialacha agus na nósanna imeachta cuntasaíochta sin a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na Ranna Rialtais agus na nOifigí go léir a bhfuil Vóta acu. Bíonn comhoibriú leanúnach ar bun idir na comhlachtaí éagsúla agus staitisticí fíoscacha á n-ullmhú i leith an rialtais ghinearálta agus na hearnála poiblí. Comhoibríonn údaráis staidrimh na hÉireann go foirmiúil trí Choiste Idirchaidrimh Staidrimh Airgeadais an Rialtais, a chuimsíonn ionadaithe ón bPríomh-Oifig Staidrimh, ó Bhanc Ceannais na hÉireann agus ón Roinn Airgeadais.
10e Caighdeáin ghairmiúla a bhunú agus a chothabháil i leith ghairm chuntasaíochta an rialtais.		Déanfar athbhreithniú ar an moladh seo mar chuid den bhreithniú agus an scrúdú ar an aistriú ó chuntasaíocht ar bhonn airgid chuig cuntasaíocht ar bhonn fabhráithe agus mar chuid de Bheart 14 de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse inar gealladh neartú a dhéanamh ar an saineolas gairmiúil sna feidhmeanna corparáideacha sa státseirbhís, lena n-áirítear bainistíocht airgeadais.